AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
COM(2022) 186 final

2022/0129 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i ndáil le dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CC) a ghlacadh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i ndáil leis an bhformheas atá beartaithe a dhéanamh ar dhréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CC).

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí

Is é is aidhm don Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('an Comhaontú')[1] trádáil idirnáisiúnta, bailiú staidrimh agus déanamh comparáide agus anailíse ar staidreamh a éascú, go háirithe staidreamh a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta. Áirítear leis mar Iarscríbhinn Ainmníocht CC, córas idirnáisiúnta comhchuibhithe lena bhféadfaidh tíortha rannpháirteacha earraí trádáilte a aicmiú ar bhonn coiteann chun críoch custaim. Go háirithe, áirítear le hAinmníocht CC tuairisc ar na hearraí, atá leagtha síos mar cheannteidil agus fo-cheannteidil, agus na cóid uimhriúla lena mbaineann, bunaithe ar chóras cóid 6-digit. Déantar athbhreithniú ar Ainmníocht CC gach 5 bliana[2]. Cuireann níos mó ná 200 tír agus geilleagar an Ainmníocht sin i bhfeidhm ar fud an domhain; dá bharr sin, aicmítear níos mó ná 98 % d'earraí a thrádáiltear ar domhan dá réir.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Tá an tAontas Eorpach agus gach Ballstát de ina bpáirtithe sa Chomhaontú.

2.2. An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC)

An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), a bunaíodh in 1952 mar an Chomhairle um Chomhar Custaim, is comhlacht idir-rialtasach neamhspleách í arb é is cuspóir léi éifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-údarás Custaim a fheabhsú. Cuireann EDC réimse leathan Coinbhinsiún agus ionstraimí idirnáisiúnta eile ar fáil dá Baill, chomh maith le cúnamh teicniúil agus seirbhísí oiliúna. Sa lá tá inniu ann, tá 184 údarás Custaim ina mball de EDC ar fud an domhain.

Is í an Chomhairle bord rialaithe EDC, Comhairle a bhraitheann ar inniúlacht agus scileanna Rúnaíochta agus ar réimse coistí teicniúla agus comhairleacha chun a misean a thabhairt i gcrích.

Is é Coiste CC an Coiste teicniúil EDC atá i gceannas ar an obair ullmhúcháin a bhaineann leis an gComhaontú. Seo iad príomhchúraimí Choiste CC:

- Léirmhíniú aonfhoirmeach agus cur i bhfeidhm théacsanna dlíthiúla CC aonfhoirmeach a áirithiú, lena n-áirítear díospóidí faoi aicmiú a réiteach idir Páirtithe Conarthacha, agus dá bhrí sin, trádáil a éascú;

[1] Cinneadh 87/369 ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena leasaítear é, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch 1).

[2] Ó cuireadh tús leis in 1988, rinneadh athbhreithniú ar Ainmníocht CC sé huaire. Tháinig na leaganacha athbhreithnithe sin i bhfeidhm in 1996, 2002, 2007, 2012, 2017 agus 2022.

- Leasuithe agus nuashonruithe ar CC a mholadh chun forbairtí sa teicneolaíocht agus athruithe i bpatrúin trádála a léiriú, chomh maith le riachtanais eile de chuid na n-úsáideoirí;
- Cur i bhfeidhm forleathan CC a chur chun cinn, agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta agus cúrsaí beartais a bhaineann leis.

De réir mhír 6 d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún CC, déanfaidh Coiste CC '*a chuid Rialacha Nós Imeachta féin a chur le chéile trí chinneadh a ghlacfar le méid nach lú ná dhá thrian de na vótaí a chuirtear i leith a chuid ball. Déanfaidh an Chomhairle na Rialacha Nós Imeachta a chuirfear le chéile a fhormheas.*'

De bhun Riail 26 de Rialacha Nós Imeachta Choiste CC, '*féadfar na Rialacha seo a athbhreithniú, ina n-iomláine nó i bpáirt, i gcomhréir le forálacha mhír 6 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún*.'

Déantar na seasaimh atá le glacadh ag an Aontas in EDC ar ábhair CC a chomhordú leis na Ballstáit. Níl ach aon vóta amháin idir an tAontas agus na Ballstáit le chéile i gCoiste CC EDC. I gComhairle EDC, maidir le hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais, amhail ábhair CC, vótálann an tAontas ar son na mBallstát atá i láthair ag an gcruinniú.

2.3. Gníomh beartaithe Chomhairle EDC

Tá Comhairle EDC le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta 19 agus 20 de Choiste CC a fhormheas ('an gníomh atá beartaithe') ag a 139ú seisiún agus a 140ú seisiún (23-25 Meitheamh 2022).

Ag a 64ú seisiún (mí Mheán Fómhair 2019) d'aontaigh Coiste CC de chomhthoil ar an togra leasaithe ar Riail Nós Imeachta 20 chun an nós imeachta um fhorchoimeádas a shoiléiriú. De bharr na paindéime níor cuireadh an cheist sin faoi bhráid Chomhairle EDC go fóill lena formheas.

Ag an 68ú seisiún a bhí aige (mí Mheán Fómhair 2021) d'aontaigh Coiste CC de chomhthoil ar an togra leasaithe ar Riail Nós Imeachta 19 chun an nós imeachta vótála a shoiléiriú.

Mínítear na tograí leasaithe ar Rialacha Nós Imeachta 19 agus 20 thíos.

<u>Leasuithe ar Riail Nós Imeachta 19</u>

– Tríd an tríú agus an ceathrú mír de Riail 19 a leasú, tugtar soiléireacht leis an dréachtleasú maidir leis an tromlach atá riachtanach a chinneadh ionas go nglacfaidh Coiste CC cinntí a bhaineann le leasuithe ar Choinbhinsiún CC (méid nach lú ná dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste), e.g. le haghaidh leasuithe ar Ainmníocht CC, agus le haghaidh cinntí eile lena gceanglaítear tromlach simplí (níos mó ná 50 % de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste), e.g. le haghaidh cinntí maidir le haicmiú, Nótaí Míniúcháin, tuairimí maidir le hAicmiú, etc.

– Is é an príomhsprioc atá ann, i gcás roghanna éagsúla atá le plé, a áirithiú go leanfar nós imeachta rianúil agus trédhearcach ionas go mbeidh tromlach foriomlán bhaill an Choiste ag tacú leis an rogha a bheidh ann tar éis na roghanna a fuair níos lú tacaíochta a chur as an áireamh de réir a chéile de thoradh chinneadh thorthaí an Choiste.

– Léirítear an dréachtleasú sa tábla thíos (agus tá na hathruithe <u>folínithe</u>):

	An téacs atá ann faoi láthair	An téacs nua

An tríú mír	Glacfar cinntí a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún le tromlach nach lú ná dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste.	Glacfar cinntí a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún le tromlach nach lú ná dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste. Má tá dhá rogha nó níos mó ann maidir leis an leasú, áfach, glacfaidh an Coiste ar dtús le nós imeachta vótála céimnithe, mar atá leagtha amach thíos faoi na nósanna imeachta um vótáil trí thromlach simplí, chun na roghanna a laghdú go rogha amháin. Nuair atá rogha amháin ann maidir leis an leasú, dhéanfaí vótáil chríochnaitheach ansin i dtaobh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis an leasú faoi riail an tromlaigh dhá thrian.
An ceathrú mír	Glacfar cinntí eile le tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste.	Glacfar cinntí eile le tromlach simplí (níos mó ná 50 %) de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste. Má tá níos mó ná dhá rogha ann agus mura bhfuil níos mó ná 50 % de na vótaí arna gcaitheamh ag na Ballstáit caite i leith ceann de na roghanna sin, cuirfear vótáil trí thromlach simplí i bhfeidhm le cleachtas vótála céimnithe lena laghdaítear an méid roghanna tríd an rogha a bhfuil an méid is lú vótaí caite ina leith a bhaint amach go dtí go mbeidh níos mó ná 50 % de na vótaí arna gcaitheamh ag na Ballstáit faighte ag an rogha a bhfuil an méid is mó vótaí caite ina leith.

Leasuithe ar Riail Nós Imeachta 20

– Trí Riail 20, míreanna 1 agus 4, a leasú, a bheidh ina míreanna 2 agus 1 ansin, faoi seach, soiléirítear leis an dréachtleasú gur cheart d'Ard-Rúnaí EDC fógraí chuige a fháil chun aon ábhar a ndéanann Coiste CC scrúdú orthu a chur faoi bhráid na Comhairle nó ar ais chuig Coiste CC le hathscrúdú a dhéanamh orthu faoi 24:00 (am na Bruiséile) lá deireanach na tréimhse.

– Tá an leasú seo ábhartha go háirithe le haghaidh córais riaracháin atá lonnaithe i gcrios ama atá éagsúil ón gcrios ina bhfuil ceanncheathrú EDC, ar údaráis iad a d'fhéadfadh Ard-Rúnaí EDC a bhfógraí a fháil tar éis dhul in éag na tréimhse a cheadaítear chun iarrataí ar athscrúdú a chur isteach de réir an chreasa ama ina bhfuil Rúnaíocht EDC lonnaithe.

– Léirítear an dréachtleasú sa tábla thíos (agus tá na hathruithe folínithe):

An téacs atá ann faoi láthair	An téacs nua
De bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, féadfaidh an tArd-Rúnaí ábhair a eascraíonn as mír 2 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún a chur díreach ar ais chuig an gCoiste arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, ar choinníoll go ndéanfar an iarraidh i scríbhinn tráth nach déanaí ná deireadh an dara mí tar	Ní fhéadfar fógraí a chur chuig an Ard-Rúnaí chun aon ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh orthu de bhun mhír 2 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle roimh an lá tar éis dhúnadh sheisiún an Choiste, ach is gá iad a chur

éis na míosa ar dúnadh seisiún an Choiste lena linn. Cuirfidh an tArd-Rúnaí an t-ábhar ar Chlár Oibre an chéad seisiúin eile a bheidh ag an gCoiste le hathscrúdú a dhéanamh air. Má fhaightear iarrataí a bhaineann leis an ábhar céanna ó Pháirtithe Conarthacha éagsúla lena gcur faoi bhráid na Comhairle agus an Choiste, nó mura sonróidh Páirtí Conarthach ar cheart an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó díreach chuig an gCoiste, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha uile ar an eolas nuair a gheofar iarraidh ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste. Féadfaidh Páirtí Conarthach a chuireann iarraidh isteach ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste an iarraidh sin a aistarraingt tráth ar bith sula ndéanfaidh an Chomhairle scrúdú air nó sula ndéanfaidh an Coiste athscrúdú air. Déanfaidh an Coiste ábhar a scrúdú más é an Chomhairle a chuir faoina bhráid é. I gcás ina ndéanann Páirtí Conarthach iarraidh a aistarraingt, measfar go bhfuil cinneadh bunaidh an Choiste formheasta, mura bhfuil iarraidh ó Pháirtí Conarthach eile a bhaineann leis an ábhar céanna ar feitheamh. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha ar an eolas má aistarraingítear iarraidh ar bith. Ní fhéadfar fógraí a chur chuig an Ard-Rúnaí maidir le haon ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh orthu de bhun Airteagal 8.2 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle roimh an lá tar éis dhúnadh sheisiún an Choiste, ach is gá iad a chur isteach faoi dheireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún lena linn. I gcás ina gcuirtear aon ábhar ina iomláine nó i bpáirt faoi bhráid an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh air, de bhun fhorálacha mhír 3 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, an Páirtí Conarthach arna iarraidh dó athscrúdú a dhéanamh ar an ábhar, cuirfidh sé nóta faoi bhráid an Ard-Rúnaí ina leagfar amach na cúiseanna atá aige leis an athscrúdú a iarraidh, mar aon lena chuid moltaí chun an t-ábhar a réiteach, tráth nach lú ná 60 lá roimh lá oscailte an chéad seisiúin eile de chuid an Choiste. Scaipfidh an tArd-Rúnaí an nóta seo ar na Páirtithe Conarthacha eile.	isteach faoi dheireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún lena linn. Measfar fógra a bheith déanta laistigh den tréimhse má fhaigheann an tArd-Rúnaí é faoi 24:00 (am na Bruiséile) lá deireanach na tréimhse. De bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, féadfaidh an tArd-Rúnaí ábhair a eascraíonn as mír 2 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún a chur díreach ar ais chuig an gCoiste arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, ar choinníoll go ndéanfar an iarraidh laistigh den tréimhse a shonraítear sa mhír roimhe seo. Cuirfidh an tArd-Rúnaí an t-ábhar ar Chlár Oibre an chéad seisiúin eile a bheidh ag an gCoiste le hathscrúdú a dhéanamh air. Má fhaightear iarrataí a bhaineann leis an ábhar céanna ó Pháirtithe Conarthacha éagsúla lena gcur faoi bhráid na Comhairle agus an Choiste, nó mura sonróidh Páirtí Conarthach ar cheart an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó díreach chuig an gCoiste, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha uile ar an eolas nuair a gheofar iarraidh ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste. Féadfaidh Páirtí Conarthach a chuireann iarraidh isteach ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste an iarraidh sin a aistarraingt tráth ar bith sula ndéanfaidh an Chomhairle scrúdú air nó sula ndéanfaidh an Coiste athscrúdú air. Déanfaidh an Coiste ábhar a scrúdú más é an Chomhairle a chuir faoina bhráid é. I gcás ina ndéanann Páirtí Conarthach iarraidh a aistarraingt, measfar go bhfuil cinneadh bunaidh an Choiste formheasta, mura bhfuil iarraidh ó Pháirtí Conarthach eile a bhaineann leis an ábhar céanna ar feitheamh. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha ar an eolas má aistarraingítear iarraidh ar bith. I gcás ina gcuirtear aon ábhar ina iomláine nó i bpáirt faoi bhráid an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh air, de bhun fhorálacha mhír 3 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, an Páirtí Conarthach arna iarraidh dó athscrúdú a dhéanamh ar an ábhar, cuirfidh sé nóta faoi bhráid an Ard-Rúnaí ina leagfar amach na cúiseanna atá aige leis an athscrúdú a iarraidh, mar aon lena chuid moltaí chun an t-ábhar a réiteach, tráth nach lú ná 60 lá roimh lá oscailte an chéad seisiúin eile de chuid an Choiste. Scaipfidh an tArd-Rúnaí an nóta seo ar na Páirtithe Conarthacha eile.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don seasamh atá beartaithe tacaíocht a léiriú don dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC.

Is tábhachtach an rud é don Aontas go nglacfar an leasú sin mar go bhfuil sé gurb é is aidhm don leasú soiléiriú a thabhairt ar phróiseas cinnteoireachta Choiste CC, agus is é is aidhm dó a áirithiú go nglacfar cinntí le tromlach Bhaill an Choiste sin nach bhfuil aon cheist faoi.

Rinneadh comhairliúcháin leis na Ballstáit laistigh den Sainghrúpa Custaim – Comhordúchán CC/EDC, agus laistigh den Chomhairle.

Dá bhrí sin, is é seo a leanas an seasamh atá beartaithe:

– Maidir leis an leasú ar na Rialacha Nós Imeachta, ba cheart don Aontas tacú le glacadh an leasaithe.

– De réir mar a thiocfadh an cás chun cinn, ba cheart don Aontas tacú le leasuithe eagarthóireachta eile a d'fhéadfadh Rúnaíocht EDC a mholadh.

Seasamh an Aontais atá beartaithe, tá sé i gcomhréir leis an mbeartas Custaim seanbhunaithe agus leis an gcleachtas arna leanúint ag Coiste CC.

Tá gá leis an seasamh atá beartaithe le gur féidir leis an Aontas seasamh a chur in iúl ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle EDC.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais agus a bhaineann leis an ngníomh atá beartaithe.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhairle EDC a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Coinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle um Chomhar Custaim an 15 Nollaig 1950. Is é an comhlacht atá freagrach as moltaí a eisiúint do na Páirtithe Conarthacha chun an Coinbhinsiún sin a leasú agus chun Rialacha Nós Imeachta Choiste CC a fhormheas, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Measta go bhformheasfaidh Comhairle EDC leasú ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC le linn a cruinnithe i mí an Mheithimh, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún CC. Nuair a fhormheasfar an leasú, beidh éifeacht dlí aige ar reachtaíocht an Aontais, eadhon: Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim. Is é is cúis leis sin go luaitear in Airteagal 2(a) den Rialachán sin '*2. Is é a bheidh san ainmníocht chomhcheangailte: (a) ainmníocht an chórais chomhchuibhithe;'* agus beidh tionchar ag an leasú seo ar conas a dhéantar an próiseas cinnteoireachta i gCoiste CC a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus leasú Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe, agus mar thoradh ar an méid sin, conas a léirmhínítear an ainmníocht chomhcheangailte.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith a nglactar seasamh thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Ós rud é go mbaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an bpróiseas cinnteoireachta i léirmhíniú na taraife agus cur i bhfeidhm comhaontú idirnáisiúnta sa chomhbheartas tráchtála, agus le cur chun feidhme Ainmníocht CC agus Ainmníocht Chomhcheangailte AE, is iad Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atáthar a mholadh.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

2022/0129 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i ndáil le dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CC) a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('an Comhaontas'), arna thabhairt i gcrích ag an Aontas le Cinneadh 87/369 ón gComhairle[1], tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

(2) De bhun Airteagal 6(6) den Chomhaontú, déanfaidh Coiste CC 'a chuid Rialacha Nós Imeachta féin a chur le chéile trí chinneadh a ghlacfar le méid nach lú ná dhá thrian de na vótaí a cuireadh i leith a chuid ball. Déanfaidh an Chomhairle na Rialacha Nós Imeachta a tharraingeofar suas a fhormheas.

(3) Meastar go bhformheasfaidh Comhairle EDC dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC ag a seisiúin i mí an Mheithimh. Formheasfar leasú den chineál sin ar bhonn togra a tharraing Comhairle CC suas agus a críochnaíodh le linn a 64ú seisiún (18-27 Meán Fómhair 2019) agus a 68ú seisiún (6-28 Meán Fómhair 2021). Tiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis a ghlactha.

(4) Tá sé ríthábhachtach go nglacann Coiste CC a chuid cinntí ar bhealach trédhearcach agus éifeachtúil, agus go dtugann baill an Choiste sin an tacaíocht is mó is féidir do na cinntí sin.

(5) Toisc go bhfuil Comhairle EDC leis an dréachtleasú sin ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC a fhormheas, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú, mar nuair a fhormheasfar é, beidh na Rialacha Nós Imeachta leasaithe ina gceangal ar an Aontas agus beifear in ann tionchar a bheith ag na rialacha sin ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[2].

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí gurb é seasamh an Aontais gur cheart tacaíocht a thabhairt don dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC, agus d'aon oiriúnuithe eagarthóireachta nó teanga a d'fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach,

---

[1] Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena leasaítear, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i seisiúin Chomhairle EDC i mí an Mheithimh 2022 tacaíocht a thabhairt don dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta Choiste CC, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais a chomhaontú oiriúnaithe beaga eagarthóireachta nó teanga a dhéanamh i bhfianaise forbairtí i seisiúin Chomhairle EDC as seo amach, i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, nó le linn cruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán